AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2025
COM(2025) 483 final/2
DOWNGRADED ON 7.11.2025

2025/0274 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir leis na cláir leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar agus na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Molann an Coimisiún go leagfaidh an Chomhairle síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), a mhéid a bhaineann le híoscheanglais le haghaidh sonraí atá le bheith sna cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar, chomh maith leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar

Is comhlacht é an Coiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú faoi phointe (o) d'Airteagal 8(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. De bhun Airteagal 13(2) agus 14(5) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú sin, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar cinntí a ghlacadh maidir leis na sonraí atá le bheith i gcláir leictreonacha náisiúnta gnóthas iompair de bhóthar, chomh maith leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin ('an cinneadh atá beartaithe').

2.2. An gníomh atá beartaithe ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar

Is é príomhchuspóir an chinnidh atá beartaithe rialacha mionsonraithe a bhunú maidir leis na módúlachtaí le haghaidh malartú faisnéise faoi chiontuithe agus pionóis i leith aon sáruithe tromchúiseacha dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, chomh maith leis na módúlachtaí le haghaidh malartú faisnéise faoi choinníollacha eile lena rialaítear ligean isteach i ngairm an oibreora tarlaithe de bhóthar.

San Aontas, déantar an fhaisnéis sin a mhalartú trí na Cláir Eorpacha de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU), a bunaíodh le míreanna 5 agus 6 d'Airteagal 16 agus le hAirteagal 18(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009[1]. Tá sonraíochtaí teicniúla ERRU le fáil i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún[2].

Is é clár leictreonach náisiúnta na ngnóthas bóthair foinse na faisnéise atá le malartú, de réir Airteagal 13(2) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair.

San Aontas, tá na sonraí íosta atá le bheith i gcláir leictreonacha náisiúnta na ngnóthas iompair de bhóthar in Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009. Leagtar amach na híoscheanglais le haghaidh na sonraí sin a thuilleadh ansin i gCinneadh 2009/992/AE ón

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle, IO L 300, 14.11.2009, lch. 51.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2016 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le hidirnascadh clár leictreonach náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1213/2010, IO L 87, 2.4.2016, lch. 4.

gCoimisiún[3], arna leasú go deireanach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/773 ón gCoimisiún[4], agus i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2164 ón gCoimisiún[5].

Leagtar amach liosta coiteann na sáruithe ar ar cheart faisnéis a mhalartú i ndréachtchinneadh ar leithligh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún go ndéanfar na sonraí atá sa chlár leictreonach náisiúnta de bhun Chinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún a oiriúnú chun críoch an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, i gcomhréir leis an dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seo. . Ar chúiseanna éifeachtúlachta acmhainní, molann an Coimisiún freisin go ndéanfar an malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 14(5) de Roinn 1 de Chuid A d'Iarscríbhinn 31 trí na Cláir Eorpacha de Ghnóthais Iompair de Bhóthar.

Tá dhá phríomhoiriúnú ann ar reachtaíocht an Aontais chun críoch an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Ar an gcéad dul síos, chuir an Ríocht Aontaithe in iúl don Choimisiún nach bhfuil an líon daoine atá fostaithe ag an ngnóthas iompair cláraithe sna bunachair sonraí chéanna sa Ríocht Aontaithe, agus níl aon fhianaise shoiléir ann go bhfuil an tacar sonraí sin fíor-riachtanach chun an Comhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme. Ar an dara dul síos, tá na 'bandaí riosca' céanna ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe le haghaidh oibreoirí. A mhéid a bhaineann leis an Aontas, leagtar amach na bandaí rátála riosca i bpointe 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/695[6], agus cuirtear leis an gclár leictreonach náisiúnta iad agus malartaítear iad trí ERRU i gcomhréir le Cinneadh 2009/992/AE ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún faoi seach. Mar sin féin, tá an fhoirmle chun scór rátála riosca na n-oibreoirí a ríomh difriúil san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe[7]. Mar thoradh air sin, moltar nach malartófar na tacair sonraí maidir leis an líon fostaithe gnóthais, chomh maith leis an scór rátála riosca gnóthais, idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Ba cheart an banda rátála riosca, chomh maith le gach tacar sonraí eile atá i reachtaíocht ábhartha an Aontais, a mhalartú, chun forfheidhmiú fhorálacha comhfhreagracha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a éascú.

Ghlac an Ríocht Aontaithe páirt i gcostais forbartha ERRU agus í mar Bhallstát den Aontas. Mar sin féin, ba cheart don Ríocht Aontaithe ranníocaíocht a dhéanamh le costais oibríochtúla agus chothabhála ERRU. I gcinneadh ar leithligh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, cinneadh atá le glacadh an tráth céanna leis an dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar atá sa togra seo, sonrófar módúlachtaí ranníocaíocht airgeadais na Ríochta Aontaithe le ERRU.

---

3 Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2009 maidir le híoscheanglais le haghaidh sonraí atá le cur isteach sa chlár leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar, IO L 339, 22.12.2009, lch. 36.

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/773 ón gCoimisiún an 4 Márta 2024 lena leasaítear Cinneadh 2009/992/AE a mhéid a bhaineann le híoscheanglais le haghaidh sonraí breise atá le cur isteach sa chlár leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar, IO L, 2024/773, 6.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/773/oj.

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2164 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2024 maidir le híoscheanglais a bhaineann le sonraí feithiclí fruilithe atá le cur isteach sna cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar, IO L, 2024/2164, 20.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2164/oj.

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/695 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le foirmle choiteann chun rátáil riosca gnóthas iompair a ríomh, (IO L 129, 3.5.2022, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/695/oj).

7 San Aontas, leagtar amach an fhoirmle chun an scór rátála riosca a ríomh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/695 ón gCoimisiún.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le glacadh Cinnidh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, i gcomhréir leis an dréachtchinneadh atá i gceangal leis an togra seo.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

An cinneadh a iarrtar ar an gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige. Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

Is leis an mbeartas iompair a bhaineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 91 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ba cheart an Cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

2025/0274 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir leis na cláir leictreonach náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar agus na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) De bhun Airteagal 13(2) agus 14(5) de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú sin, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, arna bhunú faoi phointe (o) d’Airteagal 8(1) den Chomhaontú sin, cinntí a ghlacadh maidir leis na sonraí atá le bheith i gcláir leictreonacha náisiúnta gnóthas bóthair, chomh maith leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin.

(3) Le hAirteagal 6 de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, leagtar síos coinníollacha mionsonraithe a bhaineann leis an gceanglas maidir le dea-cháil le haghaidh oibreoir tarlaithe de bhóthar. Go háirithe, leagtar síos i míreanna 2 agus 3 de na coinníollacha faoina bhféadfaidh nós imeachta riaracháin arna thionscnamh ag na húdaráis inniúla sa Pháirtí bunaíochta a bheith mar thoradh ar sháruithe arna ndéanamh ag an oibreoir a liostaítear i bpointe (b) den tríú fomhír dá chéad mhír, agus a bhféadfaí dea-cháil a chailleadh dá mbarr. Leagtar síos freisin i bhFoscríbhinn 31-A-1-1 liosta de na seacht sárú is tromchúisí nach mór don údarás inniúil sa Pháirtí bunaíochta nós imeachta riaracháin a thionscnamh ina leith. Le Cinneadh ar leithligh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, atá i gceangal le [IONADCHOINNEÁLAÍ LE hAGHAIDH: Cinneadh (AE) 2025/XXXX ón gComhairle], comhlánófar liosta na sáruithe tromchúiseacha a bhféadfaí dea-cháil a chailleadh dá mbarr.

(4) Foráiltear freisin le hAirteagail 13 agus 14 de Roinn 1 de Chuid A d’Iarscríbhinn 31 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair go mbunóidh na Páirtithe cláir

leictreonacha náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar a údaraíodh chun gabháil do ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar, chomh maith le seiceálacha aonair a dhéanamh ar ghnóthais agus faisnéis a mhalartú faoi sháruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag oibreoirí sa Pháirtí eile. Tá na sonraí atá le bheith sa chlár leictreonach náisiúnta, chomh maith leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú, le leagan síos le cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar.

(5) Tá an Clár Eorpach de Ghnóthais Iompair de Bhóthar (ERRU) curtha ar bun ag an Aontas chun malartuithe faisnéise idir Ballstáit an Aontais a éascú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún[8]. Ós rud é gur chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leis na bunphrionsabail chéanna maidir le rochtain ar ghairm an oibreora tarlaithe de bhóthar agus ar liosta coiteann sáruithe, is iomchuí agus is éifeachtúil, chun cuspóirí an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a bhaint amach, foráil a dhéanamh maidir le nasc teicniúil na Ríochta Aontaithe le ERRU.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas.

(7) Le Cinneadh ar leithligh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, atá i gceangal le [IONADCHOINNEÁLAÍ LE hAGHAIDH: Cinneadh (AE) 2025/XXXX ón gComhairle], bunófar módúlachtaí airgeadais ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le costais ERRU.

(8) Chun go mbeidh an dá Pháirtí in ann a mbonneagar faisnéise agus teicneolaíochta a fhorbairt lena bhféadfar an cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar a chur chun feidhme, is iomchuí dáta chur i bhfeidhm an Chinnidh sin a leagan síos. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an gCinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, arna bhunú le Airteagal 8(1), pointe (o) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’), a mhéid a bhaineann le híoscheanglais le haghaidh sonraí atá sna cláir leictreonacha náisiúnta um ghnóthais iompair de bhóthar, chomh maith leis na módúlachtaí chun faisnéis a mhalartú atá sna cláir sin, leagtar amach é sa dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar atá i gceangal gan gá le Cinneadh nua ón gComhairle.

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/480 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2016 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le hidirnascadh clár leictreonach náisiúnta de ghnóthais iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1213/2010, IO L 087, 2.4.2016, lch. 4.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán